Ioncam Cíosa Éireannach, 2016

Meán Fómhair 2018

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh i leith na bliana cánach 2016. Ba chóir go gcuirfí san áireamh go bhfuil na staitisticí seo ina staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar iad a leasú.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le hioncam cíosa a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

An Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta | Leathanach 1

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

Ioncam Cíosa, 2016

Leagtar amach ar an tábla seo a leanas iomlán an ioncaim chomhláin chíosa a fuarthas le haghaidh maoine tráchtála agus maoine cónaithe Éireannacha cíosa araon, agus líon na n-aonad cáiníocóirí[1] a dhearbhaigh ioncam cíosa do na blianta cánach 2012–2016, bunaithe ar thuairisceáin Cánach Ioncaim (Foirm 11). Níl fholaíonn sé seo aon ioncam ó mhaoine cíosa eachtracha ná ioncam cíosa a dhearbhaítear ar thuairisceáin Cánach Corparáide (Foirm CT1).

Bliain Chánach	Aonaid Chánach	Ioncam Comhlán Cíosa €m
2016	193,077	4,215
2015	183,500	4,003
2014	178,500	3,982
2013	166,700	3,938
2012	157,900	4,034

Iarrtar, le tuairisceán Cánach Ioncam na Foirme 11 do 2016, go ndearbhaíonn saothraithe ioncaim go sonrach, den chéad uair, cé acu an mbaineann a n-ioncam cíosa intíre le maoin chónaithe nó le maoin tráchtála.



Is é suim iomlán an ioncaim chíosa a dearbhaíodh i leith 2016 ná €4.2 billiún, agus is ionann an t-ioncam cíosa ó mhaoine cónaithe agus €2.6 billiún measta, nó 62% den iomlán seo

Don bhliain 2016, tíolacadh timpeall 560,990 tuairisceán Cánach Ioncaim Foirme 11 leis na Coimisinéirí Ioncaim.

De na 193,077 aonad cáiníocóra a dhearbhaigh ioncam cíosa intíre, bhí idir ioncam cíosa tráchtála agus cónaithe ag 15,860 díobh (8%), bhí ioncam cíosa cónaithe amháin ag 129,456 (67%) díobh, agus bhí ioncam cíosa tráchtála amháin ag 47,761 (25%) díobh.



[1] Comhairtear mar aon aonad cánach amháin daoine pósta nó páirtnéirí sibhialta a roghnaigh nó a mheastar gur roghnaigh dul faoin gcóras measúnaithe chomhpháirtigh.

Ioncam Cíosa Cónaithe

Dhearbhaigh 145,000 aonad cáiníocóra ioncam cíosa intíre ó mhaoine cónaithe, agus is ionann é seo agus 26% de na haonaid cáiníocóra inmheasúnaithe a thíolaic Foirm 11 don bhliain sin.





Is é €2,621 milliún suim iomlán an ioncaim chíosa chomhláin a dearbhaíodh i leith maoine cónaithe intíre do 2016. Ba ionann é seo agus 7% den ioncam comhlán iomlán ó na hioncaim uile féinmheasúnaithe a dearbhaíodh ar na Foirmeacha 11 a tíolacadh i leith 2016.

I gcás na saothraithe ioncaim a dhearbhaigh ioncam cíosa intíre ó mhaoin chónaithe i leith 2016, is ionann an t-ioncam cíosa seo agus 20% measta d'iomlán an ioncaim chomhláin fhoriomláin don bhliain. Is ionann €12,850 milliún agus an t-ioncam comhlán iomlán do na cásanna seo i leith 2016.



Ba ionann €1,065 milliún agus suim iomlán na gcostas incheadaithe a éilíodh i leith maoine cónaithe le haghaidh 2016. Ba ionann é seo agus 41% measta den ioncam comhlán cíosa ó na maoine seo. Tugtar briseadh síos sa chairt seo a leanas ar na costais sin.[2]



[2] Ní cheadaítear 'Iomlán Alt 23' ach amháin sa chás gurb é 2016 an chéad bhliain éilimh. I measc na gcostas sa chatagóir 'Costais Iomlána Eile', tá costais amhail préimheanna árachais, cothabháil maoine, costais clárúcháin leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) srl. Féadtar tuilleadh sonraí faoi chostais incheadaithe i leith ioncam cíosa Éireannach a fháil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ioncam Cíosa Tráchtála



I gcás 2016, dhearbhaigh timpeall 64,000 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ó mhaoine tráchtála Éireannacha. Ba ionann é seo agus 11% measta de na haonaid cháiníocóra inmheasúnaithe a thíolaic Foirm 11 don bhliain sin

Is ionann suim iomlán an ioncaim cíosa chomhláin a dearbhaíodh i ndáil le maoine tráchtála i leith 2016 agus €1,594 milliún. Is ionann é seo agus 4% den ioncam comhlán iomlán ó shaothraithe ioncaim a rinne dearbhú ar na Foirmeacha 11 a tíolacadh.





I gcás saothraithe ioncaim a dhearbhaigh ioncam cíosa ó mhaoin tráchtála i leith 2016, is ionann an t-ioncam cíosa agus 27% measta dá n-ioncam comhlán foriomlán iomlán don bhliain. Is ionann an t-ioncam comhlán iomlán i leith 2016 a dearbhaíodh do na cásanna seo agus €5,962 milliún.

Ba ionann €634 milliún agus suim iomlán na gcostas incheadaithe a éilíodh i leith maoine tráchtála in 2016. Is ionann é seo agus 40% measta d'ioncam comhlán cíosa iomlán na maoin seo. Leagtar amach ar an tábla seo a leanas briseadh síos ar na costais sin: